

Eleathanach 357

Micheál
D. Ó
hUiginn

Dé Luain, an 29 Meitheamh 2020

Bainigí taitneamh as an samhradh. Beidh Eleathanach 358 ar ais i Mí Mheán Fómhair! Tugaigí aire daoibh féin! #nigíbhurlámha

Micheál Martin




Rialtas Nua

Tá rialtas nua in Éirinn. Is comhrialtas é. Tá Fianna Fáil, Fine Gael agus na Glasaigh ag obair le chéile anois.

Is é Micheál Martin an Taoiseach nua. Is é Leo Varadkar an Tánaiste. Tá Aire Sláinte nua againn. Stephen Donnelly is ainm dó.

Bhí Simon Harris mar Aire Sláinte ach is é Simon Harris an tAire Ardoideachais, Nuálaíochta agus Taighde anois. Go n-éirí leis an rialtas nua!



Comic Relief

Bhí Comic Relief ar siúl oíche Aoine ar RTÉ. Bailíonn Comic Relief airgead do charthanachtaí éagsúla. Bhí an clár speisialta ar siúl ar feadh ceithre uair an chloig.

Bhailigh Comic Relief €5,071,701 agus thug Rialtas na hÉireann go leor airgid do Comic Relief freisin.

Chan Hozier an t-amhrán *Bridge Over Troubled Waters*. Is amhránaí iontach é. Bhí Niall Horan, Aisling Bea, Brian O'Driscoll, Saoirse Ronan, Paul Mescal agus Daisy Edgar-Jones ar an gclár freisin.

Bhí cúigear láitheoirí ann – Eoghan McDermott, Baz Ashmawy, Nicky Byrne, Jennifer Zamparelli agus Deirdre O'Kane. Muintir na hÉireann abú!

Bród

Bhí an chéad pharáid bhróid ar siúl 50 bliain ó shin, agus mar sin, bhí go leor imeachtaí ar siúl chun an ócáid sin a cheiliúradh.

Bhí na himeachtaí éagsúla ar siúl ar líne i mbliana de bharr an choróinvírís.

Bhí paráid fhíorúil ar siúl i mBaile Átha Cliath ar an 28 Meitheamh 2020 ag 2 i.n. agus bhí ceolchoirm ar siúl an oíche sin ar líne ag 7 i.n.

Bhí Eddie McGuinness agus Paul Ryder ina láithreoirí. Mhol siad na hoibrithe líne thosaigh.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilteachta & Gaelscoláiochta

